


Coróinvíreas COVID-19



Coróinvíreas
COVID-19
Comhairle
Sláinte Poiblí

Na Fíricí

Na Daoine is mó atá i mbaol:

- Aon duine a bhí i réigiún atá thíos leis an víreas le 14 lá anuas **AGUS** a bhfuil siomptóim air/uirthi
- Aon duine a bhí i ndlúth-theagmháil le cás deimhnithe nó dóchúil COVID-19 (Coróinvíreas) sna 14 lá anuas **AGUS** a bhfuil siomptóim air/uirthi

Cosc



Nigh

do lámha go maith agus go minic chun éilliú a sheachaint



Cumhdaigh

do bhéal/do shrón le ciarsúr páipéir nó muinchille agus tú ag déanamh casachta nó sraotha agus faigh réidh leis an gciarsúr páipéir ansin



Seachain

teagmháil le do shúile, do shrón agus do bhéal nuair atá do lámha neamhghlan



Glan

agus dífhabhtaigh rudaí agus dromchlaí a dteagmhaítear leo go minic

Siomptóim

> Casacht > Giorra Anála > Deacrachtaí Análaithe > Fiabhras (Ardteocht)

Réigiúin atá Thíos leis an Víreas

Caith súil ar an liosta réigiún atá thíos leis an víreas ar www.hse.ie

Na nithe atá le déanamh má tá tú i mbaol

Bhí mé i réigiún atá thíos leis an víreas sna 14 lá seo a chuaigh thart agus

TÁ siomptóim orm

1. Fan glan ar dhaoine eile
2. Cuir glao ar do lia-chleachtóir ginearálta gan mhoill
3. Mura bhfuil lia-chleachtóir ginearálta agat, cuir glao ar 112 nó ar 999

NÍL aon siomptóim orm

Chun comhairle a fháil, téigh chuig www.hse.ie

Bhí mé i ndlúth-theagmháil le cás deimhnithe nó dóchúil COVID-19 (Coróinvíreas) sna 14 lá seo a chuaigh thart agus

TÁ siomptóim orm

1. Fan glan ar dhaoine eile
2. Cuir glao ar do lia-chleachtóir ginearálta gan mhoill
3. Mura bhfuil lia-chleachtóir ginearálta agat, cuir glao ar 112 nó ar 999

NÍL aon siomptóim orm

Chun comhairle a fháil, téigh chuig www.hse.ie

Chun an tEolas is

Deireanaí a Fháil Gach Lá, téigh chuig

www.gov.ie/health-covid-19
www.hse.ie

